



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022
(OR. en)

15842/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0409(CNS)**

**FISC 259
ECOFIN 1303**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 703 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 703 final.

Faoi iamh: COM(2022) 703 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2022
COM(2022) 703 final

2022/0409 (CNS)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe
comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach**

{SEC(2022) 433 final} - {SWD(2022) 393 final} - {SWD(2022) 394 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh CBL sa Ré Dhigiteach é an togra seo, in éineacht le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach¹, agus an togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL². Leagtar amach comhthéacs an tionscnaimh sin ina iomláine go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE³.

Leis an meabhrán míniúcháin seo tugtar tuairisc ar mhodhnuithe is gá ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise sa réimse CBL a eascraíonn as athruithe ar an Treoir CBL.

Is cuid thábhachtach den phacáiste é an togra chun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a leasú. Sa phacáiste CBL sa Ré Dhigiteach déantar nuachóiriú ar an mbealach a dtuairiscítear idirbhearta trasteorann laistigh den mhargadh aonair chun críocha CBL chun úsáid a bhaint as teicneolaíocht sheanbhunaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar chalaois CBL. Tá an bealach atá ann faoi láthair maidir le sonraí comhiomlánaithe a bhailiú trí ráitis achoimreacha⁴ agus maidir le sonraí a mhalartú tríd an gCóras Malartaithe Faisnéise CBL in úsáid ó tugadh isteach an margadh aonair in 1993. Níl sé oiriúnach don fheidhm atá leis a thuilleadh i bhfianaise scála na n-idirbheart trasteorann agus leibhéal na calaoise CBL. Sa Treoir leasaithe CBL cuirtear oibleagáidí tuairiscithe nua bunaithe ar idirbhearta in ionad na ráiteas achoimreach. Chun na hathruithe sin a chomhlánú, déantar foráil leis an Rialachán leasaithe maidir leis na rialacha praiticiúla is gá i ndáil leis an gcaoi a ndéanfar na sonraí nuabhailithe sin a mhalartú idir na Ballstáit, an bonneagar TF a éileofar agus na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta lena rialófar na malartuithe nua. Tá gá leis na mionsonraí sin chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha nua chun feidhme gan uaim agus go bhféadfar calaois CBL a laghdú leis na bearta nua.

Ba cheart na coda seo a leanas den phacáiste a thabhairt faoi deara agus struchtúr an togra CBL sa Ré Dhigiteach á leanúint:

Tá trí phríomhchuspóir ag an bpacáiste sin:

- (1) Nuachóiriú a dhéanamh ar oibleagáidí tuairiscithe CBL⁵, trí Cheanglais a thabhairt isteach maidir le Tuairisciú Digiteach, lena dhéanfar caighdeánú ar an bhfaisnéis nach mór do dhaoine inchánacha a chur isteach chuig na húdaráis

¹ Cuir an tagairt isteach nuair a bheidh fáil uirthi.

² Cuir an tagairt isteach nuair a bheidh fáil uirthi.

³ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breislucha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

⁴ Is foirm shimplí é ráiteas achoimreach a chuireann trádálaithe isteach ar bhonn míosúil/ráithiúil, i dteannta lena dtuairisceán CBL, chun earraí a seachadadh agus seirbhísí a soláthraíodh do thrádálaithe i mBallstáit eile a dhearbhu, agus déantar uimhir CBL na gcustaiméirí agus luach comhiomlánaithe na soláthairtí in aghaidh an chustaiméara le linn tréimhse áirithe a áireamh ann freisin.

⁵ Le hoibleagáidí tuairiscithe CBL tagraítear don oibleagáid atá ar ghnólahtáí cláraithe CBL dearbhuithe a gcuid idirbhearta a thabhairt don údarás cánach go tráthrialta chun go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar bhailiú CBL.

chánach, i bhformáid leictreonach, maidir le gach idirbheart. An tráth céanna forchuirfear leis úsáid a bhaint as ríomhshonrascadh le haghaidh idirbhearta trasteorann;

- (2) Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le **geilleagar na n-ardán**⁶, trí na rialacha CBL a thabhairt cothrom le dáta arb infheidhme iad maidir le geilleagar na n-ardán, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na córa comhionann, soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha i dtaca le láthair an tsoláthair is infheidhme maidir leis na hidirbhearta sin agus feabhas a chur ar ról na n-ardán i mbailiú CBL nuair a éascaítear soláthar cóiríochta gearrthearmaí ar cíos nó seirbhísí iompair do phaisinéirí leo; agus
- (3) An gá leis an iliomad **clárúcháin CBL** san Aontas a sheachaint agus feabhas a chur ar fheidhmiú na huirlise a chuirtear chun feidhme chun an CBL a dhearbhu agus a íoc atá dlite maidir le ciandíol earraí⁷, trí Chlárúchán Aonair CBL (CAB) a thabhairt isteach. Is é sin feabhas a chur ar chórais an Ionaid Infhreastail (OSS)/an Ionaid Infhreastail Allmhairiúcháin (IOSS) agus an aistrithe táillí atá ann cheana, agus cur leo, chun ioslaghdú a dhéanamh ar na cásanna ina gceanglaítear ar dhuine inchánach clárú i mBallstát eile.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Leagtar amach comhsheasmhacht an phacáiste ina iomláine go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.⁸

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Leagtar amach comhsheasmhacht an phacáiste ina iomláine go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leis an Rialachán sin leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Foráiltear leis an Airteagal sin go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, forálacha a ghlacadh le haghaidh comhchuibhiú a dhéanamh ar rialacha na mBallstát i réimse na cánach indíri.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is iad na Ballstáit atá freagrach go príomha as bainistíocht, bailiú agus rialú CBL. Is minic a bhaineann calaois CBL le hidirbhearta trasteorann laistigh den mhargadh aonair, áfach, nó baineann sí le trádálaithe atá bunaithe i mBallstáit seachas an ceann ina bhfuil CBL dlite.

⁶ Maidir leis sin, baineann an téarma 'geilleagar ardán' le soláthairtí seirbhísí a dhéantar trí ardán.

⁷ https://ec.europa.eu/taxation_customs/business/vat/vat-e-commerce_en

⁸ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

Bíonn drochthionchar ag calaois CBL ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh aonair agus cruthaítear caillteanais dhiana ar bhuiséad an Aontais dá bharr.

Tá ionstraimí comhair an Aontais, lena gceadaítear an malartú faisnéise idir riaracháin chánach, fíor- riachtanach chun idirbhearta trasteorann a rialú i gceart agus chun comhrac in aghaidh na calaoise CBL.

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, toisc nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí a lorgaítear leis an tionscnamh seo a bhaint amach iad féin. Dá bhrí sin, is gá don Choimisiún, atá freagrach as feidhmiú rianúil an mhargaidh aonair a áirithiú agus as leasanna ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, gníomhaíocht a mholadh chun feabhas a chur ar an gcás.

Ní féidir é sin a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát amháin nó ach ionstraimí neamhrechtacha a úsáid. Thairgfí luach de bhreis ar an méid is féidir a bhaint amach go náisiúnta ach gníomhú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i ndáil le hionstraimí comhair riaracháin, rud a éileofaí leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha.

• **Comhréireacht**

Tá an togra bunaithe go mór ar an gcreat atá ann faoi láthair maidir le comhar riaracháin sa réimse CBL agus ní chuirtear gnéithe leis ach amháin i gcás inar gá an creat a neartú. Dearadh na bearta uile a mholtar chun na ceanglais tuairiscithe dhigitigh nua agus riachtanais na mBallstát a chomhlíonadh. Cé go bhfuil coinne leis go mbeidh éifeachtaí dearfacha ag na forálacha nua ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise CBL, ní bheadh aon chostais shuntasacha bhreise i gceist leo le haghaidh gnólaigh agus riarachán, ach amháin i gcás forbairtí áirithe TF le haghaidh riaracháin chánach. Fiú sna cásanna sin, ní bheadh ach costais forbartha ghaolmhara teoranta ann.

Chuirfí córas lárnach leictreonach le haghaidh faisnéis CBL ('an VIES lárnach') ar bun. Leis an gcóras sin cuirfear ar chumas na mBallstát faisnéis CBL a stóráil siad ar an leibhéal náisiúnta a tharchur, rud a chuideoidh le calaois CBL a chomhrac go héifeachtach. Leis an VIES lárnach bheifí in ann faisnéis a chomhiomlánú in aghaidh an duine inchánach maidir le hidirbhearta trasteorann gnó le gnó (B2B) arna dtarchur ag na Ballstáit. Ceadófar go ndéanfaí na soláthairtí laistigh den Chomhphobal arna dtuairisciú a chros- seiceáil freisin le sonraí a tarchuireadh maidir le héadálacha laistigh den Chomhphobal. Ceadófar go ndéanfaí an fhaisnéis a tharchuir na Ballstáit a phróiseáil freisin le faisnéis CBL eile a malartaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, amhail sonraí custam nó íocaíochta, agus ní choinneofar an fhaisnéis sin ach ar feadh na tréimhse is gá chun go bhféadfaidh údarais chánach rialuithe CBL a dhéanamh.

Coinneofar faisnéis sa VIES lárnach ar feadh tréimhse 5 bliana, chun tréimhse réasúnach ama a sholáthar do na Ballstáit chun iniúchtaí CBL a dhéanamh. Tar éis na tréimhse sin, scriosfar na sonraí go cinntitheach.

Ní bheadh rochtain ar an VIES lárnach ach ag oifigigh údairithe arna gceapadh ag a mBallstáit, agus chun rialú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta CBL agus chun calaois CBL a chomhrac. I dtéarmaí stórála, leis an VIES lárnach ráthófaí leibhéal iomchuí slándála, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear próiseáil na faisnéise pearsanta ó institiúidí an Aontais.

Déanfar faisnéis a mhalartú idir údarais náisiúnta chánach agus an VIES lárnach trí líonra cumarsáide comhchoiteann daingnithe. Leis an líonra sin tacaítear faoi láthair le malartuithe

faisnéise idir údarais chánach agus chustaim, agus soláthraítear na gnéithe slándála uile is gá (lena n- áirítear criptiú faisnéise).

Dá bhrí sin, leis an togra seo leanfar de na coimircí a leagtar síos faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 agus faoin gcreat Eorpach um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm. Is é an cuspóir foriomlán i gcónaí maidir leis an bhfaisnéis sin i ndáil le CBL a mhalartú agus a anailísiú, a áirithiú go gcuirtear reachtaíocht CBL i bhfeidhm i gceart agus calaois CBL a chomhrac. Is cuspóir tábhachtach é calaois CBL a chomhrac ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne don Aontas agus dá Bhallstáit, dá dtagraítear in Airteagal 23(1)(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus in Airteagal 20(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725. Chun tacú leis an gcuspóir tábhachtach sin agus le héifeachtacht na n- údarás cánach agus iad ag tabhairt faoin gcuspóir sin, beidh feidhm ag na srianta a leagtar síos in Airteagal 55(5) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir leis an VIES lárnach.

Leis na forálacha nua ní théitear thar an méid lena bhfuil fíorghá chun ionstraimí comhair riaracháin a dhéanamh níos éifeachtaí maidir le hidirbhearta trasteorann a fhíorú agus maidir le feabhas a chur ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise CBL i bhfianaise na gceanglas tuairiscithe dhigitigh atá beartaithe agus athruithe eile a tugadh isteach sa phacáiste CBL sa Ré Dhigiteach.

- **An rogha ionstraime**

Tá gá le Rialachán ón gComhairle chun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 atá i bhfeidhm faoi láthair a leasú.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2017, rinneadh meastóireacht ar úsáid chreat an Aontais a bhí ann cheana maidir le comhar riaracháin agus maidir le calaois CBL a chomhrac dá ndéantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010⁹. Ar an iomlán, tá dearcadh dearfach ag na Ballstáit maidir leis an gcreat dlíthiúil agus praiticiúil a cuireadh chun feidhme le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

Tá gá le hathruithe ar an gcreat dlíthiúil um chomhar riaracháin tar éis na n- athruithe ar cheanglais tuairiscithe le haghaidh idirbhearta trasteorann sa Treoir CBL. Agus ceanglais tuairiscithe dhigitigh nua á dtabhairt isteach, méadaítear an méid sonraí a bheidh le malartú idir na Ballstáit agus minicíocht na malartuithe go suntasach. Dá bhrí sin, tá cuid nua á tabhairt isteach sa Rialachán faoi Chaibidil V: *Stóráil agus malartú faisnéise sainiúla* lena gceadófar na malartuithe sin trí chóras leictreonach nua ar a dtugtar an VIES lárnach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra chun an Treoir CBL a leasú soláthraítear faisnéis fhorleathan maidir le comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

Eagraíodh dhá cheardlann Fiscalis chun aiseolas a bhailiú ó na Ballstáit maidir leis an gcreat um chomhar riaracháin CBL a oiriúnú chun tacú leis na ceanglais tuairiscithe dhigitigh nua. Sa chéad cheardlann, a reáchtáladh i mí na Samhna 2021, bailíodh tuairimí saineolaithe frithchalaoise CBL agus oifigeach idirchaidrimh Eurofisc. Sa dara ceardlann i mí

⁹ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 428 final.

Aibreán 2022, díriodh ar cheannairí oifigí idirchaidrimh inniúla na mBallstát. Sa dá chás, chuir ionadaithe na mBallstát i dtábhacht an tábhacht a bhaineann leis na ceanglais tuairiscithe dhigitigh nua agus córas iomchuí chun faisnéis CBL a mhalartú ag gabháil leo. Chonacthas go raibh gá soiléir le cros- seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar shonraí CTD, e.g. soláthairtí arna dtuairisciú le héadálacha. Bhí comhthoil leathan ann freisin gurbh é córas lárnach chun próiseáil chomhpháirteach agus anailís faisnéise a éascú an cur chuige ab fhearr lena ráthófaí cur chun feidhme aonfhoirmeach cros- seiceálacha agus léirmhíniú aonfhoirmeach na dtorthaí.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Leagtar amach bailiúchán agus úsáid saineolais le haghaidh an phacáiste ina iomláine go cuimsitheach sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

- **Measúnú tionchair**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Soláthraítear an measúnú tionchair don phacáiste ina iomláine sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is cuid den phacáiste reachtaíochta maidir leis an tionscnamh um CBL sa ré dhigiteach é an togra seo. Soláthraítear faisnéis fhairsing maidir le hoiriúnacht rialála agus simpliú sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

- **Cearta bunúsacha**

Tá coinne leis go spreagfar malartú agus próiseáil chomhpháirteach faisnéise CBL leis an togra seo, agus d'fhéadfaí sonraí pearsanta a chuimsiú ann. Bheadh na sonraí a bhaileofar faoi na ceanglais tuairiscithe dhigitigh nua agus a mhalartófar ina dhiaidh sin tríd an gcóras VIES lárnach teoranta d'idirbhearta gnó le gnó laistigh den Chomhphobal, áfach, agus ní chumhdófar idirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí leo. Cuireadh prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí i bhfeidhm freisin. Dá bhrí sin, ní bhaineann na sonraí a bhailítear agus a mhalartaítear ina dhiaidh sin ach le fo-thacar den fhaisnéis atá le fáil i sonraisc. Leis an leasú ar Airteagal 264 sa togra a ghabhann leis le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE, sonraítear an tacar sonraí íosta is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL agus chun calaois CBL a chomhrac. Tá sonraí pearsanta a chosaint agus Rialacháin (AE) 2016/679¹⁰ agus (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh ina dtosaíochtaí i gcónaí, áfach, fiú i gcás ina mbíonn an fhaisnéis atá le próiseáil teoranta. Dá thoradh sin, tá na forálacha seo a leanas á moladh:

- Ní choimeádfar na sonraí sa VIES lárnach ach ar feadh 5 bliana, arb é an t-íosmhéid ama is gá é chun go bhféadfaídh údaráis náisiúnta cánach a bhfuil sé de chumhacht acu oibleagáidí CBL a fhorfheidhmiú (coimeád sonraí) anailís agus imscrúduithe a dhéanamh.

¹⁰ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE.

- Déanfar na sonraí sa VIES lárnach a chosaint mar a leagtar amach in Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.
- Úsáidfear na sonraí sa VIES lárnach le haghaidh cuspóirí atá sainaitheanta go soiléir agus teoranta, go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar CBL i gceart, chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL, agus chun calaois CBL a chomhrac mar a leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010. Go háirithe, úsáidfear na sonraí chun measúnuithe riosca a dhéanamh chun calaoiseoirí ionchasacha a shainaithint ag céim luath agus chun deireadh a chur le líonraí calaoiseacha a bhfuil sé mar chuspóir acu mí-úsáid a bhaint as an gcóras CBL ach calaois CBL a dhéanamh.
- Beidh na húsáideoirí a fhéadfaidh rochtain a fháil ar na sonraí sa VIES lárnach teoranta do phearsanra údaráithe ó na Ballstáit, i leith an phrionsabail riachtanas eolais.
- Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an VIES lárnach a óstáil, a chothabháil agus a bhainistiú go teicniúil toisc go bhfuil an acmhainn oibríochtúil agus an taithí aige chun a áirithiú go gcuirfear bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm d'fhonn sonraí pearsanta a chosaint. Leagfar amach i ngníomh cur chun feidhme na cúraimí a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún i ndáil leis an VIES lárnach a bhainistiú go teicniúil.
- Leagfar amach i ngníomh cur chun feidhme ról agus freagrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin agus iad ag gníomhú mar rialaitheoir agus mar phróiseálaí faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.

Ina theannta sin, tá na bearta sin faoi réir Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Leagtar amach na himpleachtaí buiséadacha go mion sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE.

De thoradh an togra, beidh costais theoranta ann le haghaidh rialtais náisiúnta agus le haghaidh bhuiséad an Aontais maidir leis an gcóras feabhsaithe malartaithe faisnéise CBL (VIES) a chur i bhfeidhm.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déileálfadh an Buainchoiste um Chomhar Riaracháin (BCR), a bunaíodh faoi Airteagal 58(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle, le gach saincheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhar riaracháin idir na Ballstáit a leanann as na rialacha nua maidir le cáin a ghearradh ar thrádáil laistigh den Aontas. Go háirithe, bunófar plean cur chun feidhme in éineacht leis na Ballstáit sa SCAC le haghaidh na n-athruithe TF is gá¹¹ a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle an modhnú.

¹¹ Beidh roghanna straitéiseacha forbartha agus soláthair TF faoi réir réamhcheadú Bhord an Choimisiúin Eorpaigh um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshláid.

De bhun Airteagal 59 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, déantar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin gach 5 bliana. Ina theannta sin, faoi Airteagal 49, chun meastóireacht a dhéanamh ar a fheabhas atá an comhar riaracháin chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac, ní mór do na Ballstáit aon fhaisnéis atá ar fáil atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin agus, *inter alia*, staidreamh bliantúil maidir le húsáid na n- ionstraimí comhair a chur in iúl don Choimisiún.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

1. LENA DTUGTAR CÓRAS LÁRNACH ISTEACH MAIDIR LE FAISNÉIS CBL A MHALARTÚ

Baineann an chéad sraith leasuithe sa togra le forbairt córais lárnaigh nua maidir le faisnéis CBL a mhalartú idir riaracháin chánach na mBallstát ar leibhéal an Aontais Eorpaigh atá oiriúnaithe do shonraíochtaí na gCeanglas Tuairiscithe Dhigitigh. Cuirtear Roinn 3 le Caibidil V de Rialachán (AE) 904/2010 chun an VIES lárnach a thabhairt isteach le hAirteagail 24g go 24m mar a leanas:

- Le hAirteagal 24g bunaítear an córas lárnach VIES ach a chinneadh go ndéanfaidh an Coimisiún an córas lárnach a fhorbairt, a chothabháil, a óstáil agus a bhainistiú go teicniúil, agus go ndéanfaidh gach Ballstát córas leictreonach náisiúnta a fhorbairt, a chothabháil, a óstáil agus a bhainistiú go teicniúil chun catagóirí éagsúla faisnéise a tharchur go huathoibríoch chuig an VIES lárnach. Is í an fhaisnéis a bhaileofar tríd an CTD an chuid is tábhachtaí den fhaisnéis a mhalartófar tríd an VIES lárnach. Baineann an fhaisnéis eile le sainaithint na ndaoine inchánach. Ar deireadh, luaitear go sainráite go bhféadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis atá le tarchur acu go huathoibríoch chuig an VIES lárnach a stóráil sa chóras leictreonach náisiúnta a úsáideann siad chun an fhaisnéis a tharchur chun críocha athúsáide i rialuithe náisiúnta.
- Baineann Airteagal 24h le cáilíocht agus le hinfhaighteacht sonraí. Ní bheidh luach ag malartú faisnéise ach amháin má tá na sonraí ar cháilíocht leordhóthanach. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit gach nuashonrú is gá agus glacfaidh siad bearta chun a áirithiú go gcoimeádtar sonraí an VIES lárnach cothrom le dáta agus go bhfuil siad iomlán agus cruinn. Chun go mbeidh an fhaisnéis cothrom le dáta, ba cheart faisnéis nua nó nuashonraithe a chur isteach sa chóras gan mhoill. Tá an nuashonrú láithreach faisnéise sin tábhachtach ach go háirithe maidir le faisnéis aitheantais, atá nasctha go dlúth le bailíochtú uimhreacha CBL. Maidir leis na *tuarascálacha ar idirbhearta laistigh den Chomhphobal*, a bhailítear tríd an CTD, is laistigh de lá amháin tar éis don riarachán cánach iad a bhailiú an mhoill inghlactha chun iad a chur isteach sa VIES lárnach. Ní féidir cros- seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a thuairiscíonn soláthróir agus a chliant ach amháin tar éis don dá pháirtí an fhaisnéis a thuairisciú agus tar éis do gach údarás í a tharchur chuig an VIES lárnach. Ciallaíonn sé sin nár cheart don mhoill inghlactha le haghaidh gach céime cúpla lá a shárú chun go bhféadfaí anailís a dhéanamh ar bhonn sách minic. Beidh an fhaisnéis ar fáil sa VIES lárnach ar feadh 5 bliana ó dheireadh na bliana inar tarchuireadh an fhaisnéis chuig an VIES lárnach.
- Baineann Airteagal 24i le faisnéis aitheantais CBL a thaispeáint mar neamhbhailí laistigh den VIES lárnach, a luaithe a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Tagann an fhoráil i bhfeidhm i gcás ina scoireann daoine a sainaithníodh chun críocha CBL dá

ngníomhaíocht eacnamaíoch, inar dhearbhaigh siad sonraí bréagacha chun uimhir aitheantais CBL a fháil nó nár chuir siad athruithe ar a gcuid sonraí in iúl, agus dhiúltódh an riarachán cánach don uimhir aitheantais CBL nó dhéanadh sé í a tharraingt siar dá mbeadh a leithéid ar a eolas. Tá an fhoráil seo thar a bheith tábhachtach maidir leis an gcuspóir atá ann calaois CBL a chomhrac go héifeachtach. Ba cheart a chur i dtábhacht nach mbaineann an fhoráil seo ach leis an uimhir aitheantais CBL a *thaispeáint* mar neamhbhailí i gcúpla cás. Ní thugtar sainordú léi maidir le cén uair ba cheart do na Ballstáit an uimhir aitheantais CBL a tharraingt siar.

- In Airteagal 24j tugtar tuairisc ar na cumais a bheidh ag an VIES lárnach maidir leis an bhfaisnéis a tharchuirfear chuige. Déantar foráil leis an airteagal go mbeifear in ann an fhaisnéis a fhaightear a stóráil, a chros- seiceáil, a chomhiomlánú agus a phróiseáil leis an VIES lárnach. Thairis sin, leis an VIES lárnach beifear in ann an fhaisnéis (a fhaightear, a chros- seiceáiltear, a chomhiomlánaítear agus a phróiseáiltear) a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí údaráithe agus do chórais údaráithe. Ba cheart don VIES lárnach a bheith in ann faisnéis a phróiseáil in éineacht le haon fhaisnéis a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle chun críocha rialaithe agus chun calaois CBL a chomhrac. Sampla tábhachtach is ea na sonraí a ghlanadh agus a shaibhriú ach iad a phróiseáil in éineacht le sonraí ó chórais eile, amhail an córas Faireachais ina bhfuil faisnéis maidir le hallmhairí atá díolmhaithe ó CBL agus úsáid á baint as Nósanna Imeachta Custaim 42/63. Tá gá leis an gcumas sin chun sineirgí a chothú idir chórais éagsúla faisnéise ina bhfuil faisnéis atá ábhartha maidir le CBL agus chun an tionchar atá ag infheistíochtaí sna córais sin a uasmhéadú.
- In Airteagal 24k tugtar tuairisc ar na hoifigigh agus ar na córais a soláthraítear rochtain uathobrithe dóibh ar an VIES lárnach. Áirítear orthu sin na hoifigigh Bhallstáit a dhéanann na ceanglais maidir le hallmhairiú earraí atá díolmhaithe ó CBL a sheiceáil, oifigigh idirchaidrimh Eurofisc chomh maith le haon oifigeach eile atá údaráithe go sainráite ag údarás inniúil a Bhallstáit. Ar deireadh, foráiltear rochtain ar an bhfaisnéis a bhailítear agus a phróiseáiltear le haghaidh na gcórais leictreonach náisiúnta trína dtarchuirtear an fhaisnéis chuig an VIES lárnach. Leis an bhforáil sin ceadaítear do chainéal cumarsáide slán meaisín go meaisín lena n- éascaítear uathobriú agus lena maolaítear an gá atá le hidirghabháil an duine.
- In Airteagal 24l pléitear na costais a bhaineann leis an VIES lárnach a fhorbairt agus a chothabháil, ós rud é go gcinntear leis gur as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a íocfar na costais a bhaineann leis an VIES lárnach a bhunú, a oibriú agus a chothabháil. Áireofar ar na costais sin, i measc costais eile, iad siúd a bhaineann leis an nasc slán idir an VIES lárnach agus na córais leictreonacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 24g(2), agus na cinn a bhaineann leis na seirbhísí is gá chun na cumais a liostaítear in Airteagal 24j a chur i gcrích. Ar an taobh eile, is é gach Ballstát a íocfaidh na costais a bhaineann leis na forbairtí uile is gá ar a chórais leictreonacha náisiúnta chun malartú faisnéise a cheadú ach an líonra CCN, nó aon líonra comhchosúil eile a úsáid, agus beidh sé freagrach as na forbairtí sin freisin.
- Ar deireadh, baineann Airteagal 24m le slándáil agus le comhlíontacht chóras an VIES lárnaigh. Cinntear sa chéad mhír go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá lena áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 55 den Rialachán seo. Le hAirteagal 55 foráiltear oibleagáidí maidir le rúndacht oifigiúil, príobháideacht agus slándáil na faisnéise a stóráiltear, a phróiseáiltear nó a mhalartaítear faoin Rialachán. Leis an dara mír cumhachtaítear an Coimisiún chun an méid seo a leanas a ghlacadh, trí

bhíthin gníomhartha cur chun feidhme: na cúraimí atá le déanamh ag an gCoimisiún chun an VIES lárnach a bhainistiú go teicniúil agus ról agus freagrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin a mhéid a bhaineann le feidhmeanna an rialaitheora agus an phróiseálaí faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. DEIREADH A CHUR DE RÉIR A CHÉILE LEIS AN GCÓRAS OIDHREACHTA ATÁ I BHFEIDHM FAOI LÁTHAIR MAIDIR LE FAISNÉIS CBL A MHALARTÚ

Le dara sraith leasuithe sa togra déileáiltear le deireadh a chur de réir a chéile leis an VIES oidhreacha. Ní mór an córas VIES atá i bhfeidhm faoi láthair, a chumhdaítear le Roinn 1 de Chaibidil V, a choinneáil ar feadh dhá bhliain tar éis chóras an VIES lárnaigh a bhunú chun rialuithe idirbheart a tuairiscíodh le ráitis achoimreacha sular tugadh na Ceanglais Tuairiscithe Dhigitigh isteach a éascú. Leis an VIES oidhreachta ceadófar go malartófaí faisnéis arna soláthar trí na seancheanglais tuairiscithe don tréimhse sin go huathoibríoch. Tar éis deireadh a chur leis an VIES oidhreachta de réir a chéile, d'fhéadfaí an fhaisnéis a mhalartú fós idir na Ballstáit go spontáineach nó arna iarraidh sin agus úsáid á baint as ionstraimí comhair riaracháin neamh- uathoibrithe. Cuirtear deireadh leis an VIES atá ann faoi láthair de réir a chéile mar a leanas:

- Leasaítear Airteagail 17, 20, 21, 22 agus 23 chun go mbainfear tagairtí don VIES oidhreachta.
- Leasaítear Airteagal 31 lena ndéileáiltear leis an soláthar faisnéise do dhaoine inchánacha maidir le bailíocht na n- uimhreacha aitheantais CBL chomh maith le hainm agus le seoladh gaolmhar daoine eile a bhfuil baint acu le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal. Tar éis an leasaithe déanfar tagairt san Airteagal don fhaisnéis a choimeádtar sa VIES lárnach.

3. ATHRUITHE EILE

Le tríú sraith leasuithe sa togra déantar foráil maidir leis na coigeartuithe is gá i ndáil le malartú faisnéise a bhaineann leis an scéim speisialta nua um aistrithe earraí dílse mar a tugadh isteach i dTreoir 2006/112/CE.

Faoi Airteagal 242a de Threoir 2006/112/CE ceanglaítear ar oibreoirí ardáin na taifid maidir le soláthairtí gnó do chustaiméirí a dhéantar ar a n- ardáin a choimeád. Chun oibríocht shamhail an tsoláthróra mheasta atá á tabhairt isteach sna hearnálacha cóiríochta gearrthearma ar cíós agus iompair do phaisinéirí a éascú, leathnófar é sin go soláthairtí gnó go gnó. Is gá formáid chaighdeánach a thabhairt isteach chun an fhaisnéis sin a aistriú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle³ na coinníollacha faoina gcomhoibreoidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit, atá freagrach as na dlíthe maidir le CBL a chur i bhfeidhm, le chéile agus leis an gCoimisiún chun a áirithiú go gcomhlíonfar na dlíthe sin. Baineann na coinníollacha sin, i measc cinn eile, le rialacha maidir le faisnéis a stóráil agus a mhalartú, trí mhodhanna leictreonacha, a d'fhéadfadh cuidiú le measúnú ceart CBL a dhéanamh, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL, go háirithe ar idirbhearta laistigh den Chomhphobal, agus calaois CBL a chomhrac.
- (2) Treoir (AE) XX/XXX⁴ ón gComhairle [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain na Treorach ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach arna glacadh an lá céanna leis an Rialachán seo] a cuireadh isteach i dTreoir 2006/112/CE ón gComhairle⁵ maidir le ceanglais tuairiscithe d'igitigh ('CTD'). Leis na ceanglais sin cuirtear d'oibleagáid ar dhaoine inchánacha arna sainathint chun críocha CBL faisnéis a chur faoi bhráid na mBallstát maidir le gach soláthar earraí laistigh den Chomhphobal, maidir le gach éadail earraí laistigh den Chomhphobal agus maidir le gach soláthar seirbhíse atá inchánach i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an soláthróir bunaithe. Ní mór do na Ballstáit an fhaisnéis sin maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal a

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

⁴ Treoir (AE) XXX/XXXX ón gComhairle an (IO L, ll/mm/bbbb, lch. X). [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach tagairt iomlán]

⁵ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

mhalartú agus a phróiseáil chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL agus chun calaois a bhrath.

- (3) Tá an comhar atá ann cheana idir údaráis chánach na mBallstát bunaithe ar fhaisnéis chomhiomlánaithe a mhalartú idir chórais leictreonacha náisiúnta. Is é an aidhm a bhaineann le CTD a thabhairt isteach bailiú cánach a mhéadú ach sonraí ar bhonn gach idirbhirt a sholáthar do riaracháin chánach go tráthúil. Chun na sonraí sin a chur ar fáil do riaracháin chánach eile ar bhealach éifeachtúil, agus chun cur chun feidhme comhchoiteann anailíse agus cros- seiceálacha, chomh maith le léirmhíniú comhchoiteann ar na hanailísí agus ar na cros- seiceálacha sin a éascú, tá gá le córas lárnach ina roinnfear faisnéis maidir le CBL.
- (4) Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit calaois CBL a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, ba cheart córas lárnach leictreonach malartaithe faisnéise CBL ('VIES lárnach') a bhunú chun faisnéis maidir le CBL a roinnt. Ba cheart don chóras sin faisnéis a fháil ó chórais leictreonacha náisiúnta na mBallstát maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal faoi mar a thuairiscíonn na soláthróirí agus na faighteoirí faoi seach i mBallstáit éagsúla. Ba cheart don chóras sin faisnéis aitheantais CBL na ndaoine inchánacha a dhéanann idirbhearta laistigh den Chomhphobal a fháil ó na Ballstáit freisin. Thairis sin, tráth ar bith a athraítear sonraí, ba cheart na meiteashonraí a úsáidtear chun an t- am modhnaithe a rianú a uaslódáil chuig an VIES lárnach freisin.
- (5) Ba cheart faisnéis aitheantais CBL na ndaoine inchánacha a dhéanann idirbhearta laistigh den Chomhphobal a bheith tugtha cothrom le dáta go huathoibríoch sa VIES lárnach gan mhoill tráth ar bith a athraítear faisnéis aitheantais, seachas i gcás ina gcomhaontaíonn na Ballstáit nach bhfuil an nuashonrú sin ábhartha, fíor- riachtanach nó úsáideach. Tá gá le nuashonruithe den sórt sin toisc go bhfuil bailíocht uimhreacha aitheantais CBL daoine inchánacha faoi réir fíoraithe a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll chun soláthairtí laistigh den Chomhphobal a dhíolmhú dá ndéantar foráil in Airteagal 138 de Threoir 2006/112/CE. Chun leibhéal réasúnta dearbhaithe a sholáthar do riaracháin chánach maidir le cáilíocht agus le hiontaofacht na faisnéise sin, ba cheart faisnéis maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal a bheith tugtha cothrom le dáta go huathoibríoch sa VIES lárnach tráth nach déanaí ná 1 lá amháin tar éis don Bhallstát an fhaisnéis a fháil ón duine inchánach.
- (6) Thairis sin, maidir le faisnéis aitheantais CBL sa VIES lárnach, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfaidh an Ballstát faoi seach measúnú ar na sonraí a sholáthraíonn daoine inchánacha lena sainaithint chun críocha CBL agus go bhfuil siad iomlán agus cruinn, i gcomhréir le hAirteagal 214 de Threoir 2006/112/CE. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtaispeántar an uimhir aitheantais CBL mar neamhbhailí sa VIES lárnach i gcás nach n- urramaíonn duine inchánach na hoibleagáidí maidir le sonraí a chur in iúl nó i gcás ina gcuirtear deireadh leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch.
- (7) Ba cheart do gach Ballstát an fhaisnéis maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal arna dtuairisciú ag na soláthróirí agus ag na faighteoirí i mBallstáit éagsúla a chur isteach sa VIES lárnach go pras tar éis don Bhallstát í a fháil. Is gá an fhaisnéis a fhaightear a phróiseáil go tapa, ar chúiseanna teicniúla a bhaineann leis an méid sonraí chomh maith le hidirbhearta amhrasacha agus cásanna féideartha calaoise CBL a bhrath go luath.
- (8) Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit ina gcomhrac in aghaidh na calaoise CBL agus chun calaoiseoirí a bhrath, ba cheart faisnéis aitheantais CBL agus faisnéis CBL

maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal a choinneáil ar feadh 5 bliana. Is ionann an tréimhse sin agus an íostréimhse ama is gá do na Ballstáit chun rialuithe a dhéanamh go héifeachtach agus chun imscrúdú a dhéanamh ar chalaois a mheastar a bheith á déanamh ar cháin bhreisluacha nó chun calaois den sórt sin a bhrath. Tá sé comhréireach freisin nuair a chuirtear san áireamh an méid ollmhór faisnéise maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal agus íogaireacht na faisnéise mar shonraí tráchtála agus pearsanta.

- (9) Chun mímhheitseálacha a bhrath go tráthuíl agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an gcumas atá ann calaois CBL a chomhrac, ba cheart don VIES lárnach a bheith in ann an fhaisnéis a bhailítear ón soláthróir agus ón bhfaighteoir araon a chros- seiceáil go huathoibríoch tríd na CTD a tugadh isteach le Treoir (AE) XX/XXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir agus bliain na Treorach ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le CBL don ré dhigiteach arna glacadh an lá céanna leis an Rialachán seo⁶]. Ba cheart torthaí na cros- seiceála sin a chur ar fáil do na Ballstáit le haghaidh na mbeart leantach iomchuí.
- (10) Thairis sin, lena cheadú don VIES lárnach cumais an chórais malartaithe faisnéise CBL atá i bhfeidhm faoi láthair dá ndéantar foráil in Airteagal 17(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a choinneáil ar bun, ba cheart dó a bheith in ann faisnéis a chomhiomlánú freisin chun forbhreathnú a sholáthar ar sholáthairtí agus ar éadálacha arna dtuairisciú ag daoine inchánacha atá lonnaithe sna Ballstáit. Lena áirithiú go gceadaítear leis an VIES lárnach do Bhallstáit leanúint de rochtain a bheith acu ar fhaisnéis a chéile mar atá struchtúrtha faoi láthair laistigh den chóras malartaithe faisnéise CBL atá ann cheana, ba cheart don VIES lárnach tacú le comhiomlánú sonraí.
- (11) Chun tacú le húdaráis inniúla na mBallstát maidir le measúnú ceart a dhéanamh ar CBL, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL, calaois CBL a chomhrac, agus leas a bhaint as na sineirgí idir chórais faisnéise éagsúla ina bhfuil faisnéis atá ábhartha maidir le CBL, ba cheart don VIES lárnach faisnéis a fhaightear ó na Ballstáit a phróiseáil in éineacht le haon fhaisnéis a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.
- (12) Ba cheart rochtain ar an bhfaisnéis sa VIES lárnach a sholáthar ar bhonn riachtanas eolais. Níor cheart an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha eile seachas chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL agus chun calaois CBL a chomhrac. Ba cheart úsáideoirí uile a bheith faoi cheangal na rialacha rúndachta a leagtar síos sa Rialachán seo.
- (13) Chun calaois CBL a chomhrac, ba cheart d'oifigigh idirchaidrimh Eurofisc na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a bheith in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal agus anailís a dhéanamh uirthi. Chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart dlíthe CBL, ba cheart d'oifigigh na mBallstát a sheiceálann an bhfuil feidhm ag an díolúine ó CBL ar earraí allmhairithe áirithe, a leagtar síos in Airteagal 143(1), pointe (d) de Threoir 2006/112/CE, rochtain a bheith acu freisin ar fhaisnéis aitheantais CBL a stóráiltear sa VIES lárnach. Thairis sin, ar na cúiseanna céanna, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát oifigigh eile a roghnú ar gá dóibh rochtain dhíreach a bheith acu ar an VIES lárnach agus an rochtain sin a dheonú dóibh nuair is gá. Ar deireadh, ba cheart do dhaoine ón gCoimisiún atá creidiúnaithe go cuí a bheith

⁶ Treoir (AE) XXX/XXXX ón gComhairle an (IO L., ll/mm/yyyy, lch. X).

in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá sa VIES lárnach, ach a mhéid is gá an rochtain sin amháin chun an córas sin a fhorbairt agus a chothabháil.

- (14) Chun imscrúdú a dhéanamh ar chalaois CBL a mheastar a bheith á déanamh agus chun an chalaois sin a bhrath, ba cheart rochtain dhíreach a bheith ag na córais faisnéise lena dtacaítear le líonra Eurofisc sa chomhrac in aghaidh na calaoise CBL, lena n- áirítear an córas Anailíse ar Líonraí Idirbheart agus an lárchóras leictreonach faisnéise íocaíochta (“CESOP”), ar an VIES lárnach.
- (15) Leis an líon sonraí agus a mhinice a tharchuirtear sonraí chuig an VIES lárnach, tá gá le huathoibriú na sreabh faisnéise ón VIES lárnach chuig na córais náisiúnta. Leis an uathoibriú sin ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le cainéal cumarsáide meaisín go meaisín atá éifeachtúil agus slán, agus ba cheart a áirithiú leis nach bhfuil gá le hidirghabháil an duine a thuilleadh agus rochtain á fáil ar shonraí comhroinnte. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag córais leictreonacha náisiúnta freisin trína dtarchuirtear faisnéis chuig an VIES lárnach ar an bhfaisnéis a stóráiltear sa chóras sin, lena n- áirítear an fhaisnéis phróiseálaithe agus chomhiomlánaithe chun críocha rialú CBL agus ar mhaithe leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise CBL.
- (16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis na cúraimí a bheidh le déanamh aige chun an VIES lárnach a bhainistiú go teicniúil, maidir leis na mionsonraí teicniúla a bhaineann le sainathint agus le rochtain na n- oifigeach agus na gcóras leictreonach ar an VIES lárnach, maidir le sonraí teicniúla agus formáid na faisnéise arna tarchur chuig an VIES lárnach agus maidir le ról agus freagrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin agus iad ag gníomhú mar rialaitheoir agus mar phróiseálaí faoi Rialachán (AE) 2016/679⁷ agus (AE) 2018/1725⁸ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.
- (17) Is fadhb choiteann do na Ballstáit uile í calaois CBL. Níl an fhaisnéis is gá ag na Ballstáit ina n- aonar lena áirithiú go gcuirtear na rialacha CBL i bhfeidhm i gceart agus chun dul i ngleic le calaois CBL. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, an comhrac in aghaidh na calaoise CBL, a ghnóthú go leordhóthanach de bharr nádúr trasteorann an mhargaidh inmheánaigh, ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

⁷ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁸ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (18) Féadfaidh daoine inchánacha a éascaíonn soláthairtí earraí nó seirbhísí ach comhéadan leictreonach a úsáid a bheith faoi réir iarrataí ar thaifid ón mBallstát ina bhfuil na soláthairtí sin inchánach dá dtagraítear in Airteagal 242a de Threoir 2006/112/CE. Chun an t- ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta do na daoine inchánacha sin a laghdú agus chun dubailt oibre a sheachaint, ba cheart don Bhallstát aitheantais na hiarrataí sin a chomhordú oiread agus is féidir. Chun na críche sin, is gá foirm chaighdeánach a leagan síos chun an fhaisnéis sin a tharchur go leictreonach chuig na Ballstáit.
- (19) Tá scéim simplithe nua Ionad Ilfhreastail (OSS) le tabhairt isteach i dTreoir 2006/112/CE le haghaidh daoine inchánacha a aistríonn earraí dílse áirithe trasteorann. Dá bhrí sin, is gá an scéim nua sin a chomhtháthú i gcreat foriomlán na scéimeanna speisialta OSS CBL a leagtar amach i gCaibidil XI, Roinn 3 de Rialachán Uimh. 904/2010. Ba cheart a áireamh léi go háirithe soláthar faisnéise idir na Ballstáit a n- aistrítear na hearraí uathu agus chucu.
- (20) Toisc go bhfuil an scéim nua OSS cuimsitheach agus go gcuimsítear inti gluaiseachtaí trasteorann earraí a chumhdaítear faoi láthair le socruithe stoic ar glao i gcomhréir le hAirteagal 17a de Threoir 2006/112/CE, scriosadh na socruithe sin as Treoir 2006/112/CE. Is gá an leasú sin ar Threoir 2006/112/CE a léiriú in Airteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.
- (21) Shainaitheir páirtithe leasmhara gur riosca féideartha é mí- úsáid uimhreacha aitheantais CBL na scéime allmhairiúcháin. Chun úsáid cheart agus próiseas fíoraithe uimhreacha aitheantais IOSS CBL a dhaingniú ar bhealach níos fearr, is gá Airteagal 47h de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 lena ndéanfaítear rochtain d'údarais chustaim ar fhaisnéis maidir le trádálaithe atá cláraithe le IOSS a leathnú, rud a chuirfidh feabhas ar an mbainistíocht riosca agus cumais rialaithe na n- údarás custaim sin.
- (22) Chun rialuithe a fheabhsú i ndáil leis an scéim allmhairiúcháin, is gá luach iomlán na n- earraí a allmhairítear faoin scéim allmhairiúcháin in aghaidh na huimhreach aitheantais IOSS in aghaidh an Bhallstáit tomhaltais a chur le hAirteagal 17(1), pointe (e) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.
- (23) Ba cheart na mionsonraí teicniúla, lena n- áirítear teachtaireachtaí leictreonacha coiteanna, maidir le taifid a chur isteach do na daoine inchánacha a éascaíonn soláthairtí ach comhéadan leictreonach a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 242a de Threoir 2006/112/CE a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta coiste dá ndéantar foráil sa Rialachán seo.
- (24) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail arna n-aithint i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Go háirithe, leis an Rialachán seo féachtar lena áirithiú go dtabharfar lánurraim don cheart chun sonraí pearsanta a chosaint a leagtar síos in Airteagal 8 den Chairt. I ndáil leis sin, cuireann an Rialachán seo teorainn dhocht leis an méid sonraí pearsanta a chuirfear ar fáil do na Ballstáit. Níor cheart próiseáil faisnéise maidir le idirbhearta laistigh den Chomhphobal de bhun an Rialacháin seo a dhéanamh ach amháin chun críocha an Rialacháin seo.
- (25) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an [...]
- (26) De bhrí go mbeidh gá le forbairtí teicneolaíocha nua chun córas an VIES lárnaigh a chur chun feidhme, ní mór cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann leis an VIES

lárnach a chur siar chun go mbeidh an deis ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt.

- (27) Le rochtain uathoibrithe ar fhaisnéis maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal, a tuairiscíodh trí ráitis achoimreacha, déantar difear díreach d'éifeachtúlacht na rialuithe CBL. Dá bhrí sin, ba cheart an córas malartaithe faisnéise CBL atá ann faoi láthair dá ndéantar foráil in Airteagal 17(1), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse ama tar éis deireadh a chur leis na ráitis achoimreacha sin. Lastall den tréimhse sin, ba cheart forálacha ábhartha an chórais malartaithe faisnéise CBL atá ann faoi láthair a scríosadh agus ba cheart an fhaisnéis arna tuairisciú trí ráitis achoimreacha a bheith inrochtana fós arna iarraidh.
- (28) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a leasú dá réir,
TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 is infheidhme ón 1 Eanáir 2025

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
- ‘4. Leagtar síos sa Rialachán seo freisin rialacha agus nósanna imeachta maidir le faisnéis CBL a bhaineann le hearraí agus le seirbhísí a sholáthraítear nó earraí a aistrítear a mhalartú trí mhodhanna leictreonacha, i gcomhréir leis na scéimeanna speisialta dá ndéantar foráil i dTeideal XII, Caibidil 6 de Threoir 2006/112/CE agus, chomh maith leis sin, rialacha agus nósanna imeachta maidir le haon mhalartú faisnéise a dhéanfar ina dhiaidh sin agus, i dtaobh earraí agus seirbhísí a chumhdaítear leis na scéimeanna speisialta, maidir le hairgead a aistrítear idir údaráis inniúla na mBallstát.’;
- (2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. Chun críocha gach scéime speisialta, beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe atá le fáil in Airteagail 358, 358a, 369a, 369l agus 369xa de Threoir 2006/112/CE chun críocha an Rialacháin seo.’;
- (3) in Airteagal 17(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d) agus (e):
- ‘(d) faisnéis a bhailítear de bhun Airteagail 360, 361, 364, 365, 369c, 369f, 369g, 369o, 369p, 369s, 369t, 369xc, 369xf agus 369xg de Threoir 2006/112/CE;
- (e) sonraí maidir leis na huimhreacha aitheantais CBL dá dtagraítear in Airteagal 369q de Threoir 2006/112/CE a eisíodh agus de réir na huimhreach aitheantais CBL arna heisiúint ag aon Bhallstát, luach iomlán n- allmhairí earraí atá díolmhaithe faoi Airteagal 143(1), pointe (ca), le linn gach míosa, in aghaidh an Bhallstáit tomhaltais mar a shainmhínítear in Airteagal 369l(4) den Treoir sin.’;
- (4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 47b:

‘Airteagal 47b

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil go ndéanfaidh daoine inchánacha a bhaineann úsáid as an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 2 de

Threoir 2006/112/CE an fhaisnéis a leagtar síos in Airteagal 361 den Treoir sin a sholáthar don Bhallstát aitheantais trí mhodhanna leictreonacha. Déanfaidh daoine inchánacha a bhaineann úsáid as na scéimeanna speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 3 agus 5 de Threoir 2006/112/CE na mionsonraí maidir lena sainaithint nuair a chuirtear tús lena ngníomhaíochtaí a sholáthar don Bhallstát aitheantais trí mhodhanna leictreonacha de bhun Airteagail 369c agus 369xc den Treoir sin. Déanfar aon athrú ar an bhfaisnéis a sholáthraítear de bhun Airteagal 361(2), Airteagal 369c agus Airteagal 369xc de Threoir 2006/112/CE a chur isteach trí mhodhanna leictreonacha freisin.

2. Déanfaidh an Ballstát aitheantais an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur chuig údaráis inniúla na mBallstát eile trí mhodhanna leictreonacha laistigh de 10 lá ó dheireadh na míosa ina bhfuarthas an fhaisnéis ón duine inchánach agus úsáid á baint as ceann de na scéimeanna speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Ranna 2, 3 agus 5 de Threoir 2006/112/CE. Cuirfidh an Ballstát aitheantais údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas ar an mbealach céanna faoi na huimhreacha aitheantais CBL dá dtagraítear i Roinn 2, 3 agus 5 sin.

3. I gcás ina n-eisiatar duine inchánach a bhaineann úsáid as ceann de na scéimeanna speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 2, 3 agus 5 de Threoir 2006/112/CE ón scéim speisialta sin, cuirfidh an Ballstát aitheantais údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas maidir leis sin trí mhodhanna leictreonacha agus gan mhoill.’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 47d:

‘Airteagal 47d

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil go ndéantar an tuairisceán CBL leis na mionsonraí a leagtar amach in Airteagail 365, 369g, 369t agus 369xg de Threoir 2006/112/CE a chur isteach trí mhodhanna leictreonacha.

2. Déanfaidh an Ballstát aitheantais an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur trí mhodhanna leictreonacha chuig údarás inniúil an Bhallstáit tomhaltais nó chuig na Ballstáit a seoltar nó a iompraítear na hearraí uathu nó chucu 20 lá ar a dhéanaí tar éis dheireadh na míosa inar ghá an tuairisceán a chur isteach.’;

(6) in Airteagal 47h, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Chun críocha na chéad mhíre, deonóidh na Ballstáit rochtain d’údaráis inniúla ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 369p(1) agus (3) de Threoir 2006/112/CE.’;

(7) Leasaítear Airteagal 47i mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun na taifid atá i seilbh duine inchánach nó idirghabhálaí a fháil de bhun Airteagail 369, 369k, 369x agus 369xk de Threoir 2006/112/CE, déanfaidh an Ballstát tomhaltais nó an Ballstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí uaidh nó chuige iarratas ar dtús chuig an mBallstát aitheantais trí mhodhanna leictreonacha.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. Déanfaidh an Ballstát aitheantais na taifid a fhaightear a tharchur trí mhodhanna leictreonacha gan mhoill chuig an mBallstát tomhaltais a dhéanann an t-iarratas nó chuig an mBallstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí uaidh nó chuige.

5. I gcás nach bhfaigheann an Ballstát tomhaltais a dhéanann an t- iarratas nó an Ballstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí uaidh nó chuige na taifid laistigh de 30 lá ón dáta a dhéantar an t- iarratas, féadfaidh an Ballstát sin aon bheart a dhéanamh i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta chun na taifid sin a fháil.’;
- (8) in Airteagal 47j, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. Gan dochar d’Airteagal 7(4), má chinneann an Ballstát tomhaltais nó an Ballstát ar seoladh nó ar iompraíodh na hearraí uaidh nó chuige go bhfuil gá le fiosrúchán riaracháin, rachaidh sé i gcomhairle ar dtús leis an mBallstát aitheantais maidir leis an ngá leis an bhfiosrúchán sin.’;
- (9) in Airteagal 47l, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- ‘(a) na mionsonraí teicniúla, lena n- áirítear teachtaireacht leictreonach choiteann, chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 47b(1), 47c(1), agus 47d(1) a sholáthar, agus an fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 47i(3) agus in Airteagal 47m;’;
- (10) cuirtear Caibidil XIa seo a leanas isteach:

‘CAIBIDIL XIa

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE hOIBLEAGÁIDÍ COIMEÁDTA TAIFID MAIDIR LE COMHÉADAIN LEICTREONACHA LENA N- ÉASCAÍTEAR SOLÁTHAIRTÍ EARRAÍ NÓ SEIRBHÍSÍ I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 242A DE THREOIR 2006/112/CE

Airteagal 47la

1. Chun na taifid atá i seilbh duine inchánach a fháil de bhun Airteagal 242a de Threoir 2006/112/CE, déanfaidh an Ballstát ina bhfuil na soláthairtí sin inchánach iarraidh ar dtús ar an mBallstát ina sainaitnítear duine inchánach chun críocha CBL trí mhodhanna leictreonacha.
2. I gcás ina bhfaigheann an Ballstát ina sainaitnítear duine inchánach chun críocha CBL iarraidh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Ballstát sin an iarraidh a tharchur trí mhodhanna leictreonacha agus gan mhoill chuig an duine inchánach.
3. Déanfaidh na Ballstáit foráil go gcuirfidh duine inchánach na taifid a iarrtar isteach trí mhodhanna leictreonacha chuig an mBallstát ina sainaitnítear an duine inchánach sin chun críocha CBL, arna iarraidh sin. Glacfaidh na Ballstáit leis go bhféadfar na taifid a chur isteach ach foirm chaighdeánach a úsáid.
4. Déanfaidh an Ballstát ina sainaitnítear an duine inchánach sin chun críocha CBL na taifid a fhaightear a tharchur trí mhodhanna leictreonacha agus gan mhoill chuig an mBallstát a dhéanann an t- iarratas agus ina bhfuil na soláthairtí sin inchánach.
5. I gcás nach bhfaigheann an Ballstát a dhéanann an t- iarratas ina bhfuil na soláthairtí sin inchánach na taifid laistigh de 30 lá ón dáta a dhéantar an t- iarratas, féadfaidh an Ballstát sin aon bheart a dhéanamh i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta chun na taifid sin a fháil.

Airteagal 47lb

Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme an méid seo a leanas:

- (a) na mionsonraí teicniúla don fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 47la(3);
- (b) na mionsonraí teicniúla, lena n-áirítear teachtaireacht leictreonach choiteann, chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 47la(1), (2) agus (4) a sholáthar, chomh maith leis na modhanna teicniúla chun an fhaisnéis sin a tharchur.’;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 is infheidhme ón 1 Eanáir 2026

Leasaítear Rialachán (AE) 904/2021 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:
 - (a) leasaítear mír 2 mar a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) uimhreacha aitheantais CBL na ndaoine a rinne na soláthairtí earraí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (b);’;
 - (ii) i bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal tosaigh:

‘luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (b) ó gach duine dá dtagraítear i bpointe (c) do gach duine a bhfuil uimhir aitheantais CBL acu arna heisiúint ag Ballstát eile faoi na coinníollacha seo a leanas:’;

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 is infheidhme ón 1 Eanáir 2028

Leasaítear Rialachán (AE) 904/2021 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g) agus (h):
 - ‘(g) ciallaíonn ‘soláthar earraí laistigh den Chomhphobal’ aon soláthar earraí nach mór a shonraí a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 262 de Threoir 2006/112/CE;
 - (h) ciallaíonn ‘soláthar seirbhísí laistigh den Chomhphobal’ aon soláthar seirbhísí nach mór a shonraí a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 262 de Threoir 2006/112/CE;’;
- (2) in Airteagal 17(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
 - ‘(a) faisnéis a bhailíonn sé de bhun Theideal XI, Caibidil 6 de Threoir 2006/112/CE arna leasú le Treoir (AE) 2022/890 ón gComhairle*;

* Treoir (AE) 2022/890 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra aistrithe táillí roghnaigh i ndáil le soláthairtí earraí agus seirbhísí áirithe atá soghabhálach i leith calaoise agus le tréimhse chur i bhfeidhm an tsásra Frithghnímh Mhear in aghaidh na calaoise CBL (IO L 155, 8.6.2022, lch. 1).’;

- (3) i gCaibidil V, cuirtear isteach an Roinn 3 seo a leanas tar éis Airteagal 24f:

‘ROINN 3

Córas lárnach leictreonach maidir le faisnéis CBL a mhalartú’;

Airteagal 24g

1. Déanfaidh an Coimisiún lárchóras leictreonach malartaithe faisnéise CBL (“VIES lárnach”) a fhorbairt, a chothabháil, a óstáil agus a bhainistiú go teicniúil chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1.
2. Déanfaidh gach Ballstát córas leictreonach náisiúnta a fhorbairt, a chothabháil, a óstáil agus a bhainistiú go teicniúil chun an fhaisnéis seo a leanas a tharchur go huathoibríoch chuig an VIES lárnach:
 - (a) faisnéis a bhailíonn sé de bhun Theideal XI, Caibidil 6, Roinn 1, de Threoir 2006/112/CE;
 - (b) faisnéis maidir le céannacht, gníomhaíocht, foirm dhlíthiúil agus seoladh na ndaoine ar eisigh sé uimhir aitheantais CBL dóibh, a bailíodh de bhun Airteagal 213 de Threoir 2006/112/CE, chomh maith leis an dáta a eisíodh an uimhir sin;
 - (c) na huimhreacha aitheantais CBL a d’eisigh an Ballstát nárbh uimhreacha bailí iad a thuilleadh, agus na dátaí a tháinig na huimhreacha sin chun bheith neamhbhailí;
 - (d) an dáta agus an t- am a modhnaíodh na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus (c);

Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) i gcomhréir leis an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh agus liosta a chomhréireanna faoi mar a leagtar amach i dTreoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*

Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomh cur chun feidhme mionsonraí agus formáid na faisnéise a liostaítear sa mhír seo. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

3. Féadfaidh gach Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24j, pointí (b), (c) agus (d) a stóráil sa chóras leictreonach náisiúnta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 24h

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoimeádfar an fhaisnéis atá ar fáil sa VIES lárnach cothrom le dáta, iomlán agus cruinn.

Trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún na critéir síos lena gcinnfear cé na hathruithe nach bhfuil sách ábhartha, fíor- riachtanach nó úsáideach

lena dtarchur sa VIES lárnach. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

2. Agus measúnú á dhéanamh orthu, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú gur iomlán agus cruinn na sonraí a sholáthraíonn daoine inchánacha agus daoine dlítheanacha neamh- inchánacha lena sainathint chun críocha CBL i gcomhréir le hAirteagal 214 de Threoir 2006/112/CE sula ndéantar iad a tharchur chuig an VIES lárnach.

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta chun feidhme chun na sonraí sin arna gcinneadh de réir na dtorthaí dá measúnaithe riosca a sheiceáil. Déanfar na seiceálacha, i bprionsabal, sula n- aithneofar iad chun críocha CBL nó, i gcás nach ndéanfar ach réamhsheiceálacha roimh an tsainathint sin, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis na sainaitheanta sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na bearta a cuireadh chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun cáilíocht agus iontaofacht na faisnéise a áirithiú i gcomhréir le mír 2.

4. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) a chur isteach sa VIES lárnach gan mhoill.

Saineofar na mionsonraí maidir leis na moilleanna teicniúla inghlactha i ngníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

5. De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2), pointe (a) a chur isteach sa VIES lárnach tráth nach déanaí ná lá amháin tar éis an fhaisnéis arna cur faoi bhráid na n- údarás inniúil ag an duine inchánach a bhailiú.

6. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) ar fáil sa VIES lárnach ar feadh 5 bliana ó dheireadh na bliana inar tarchuireadh an fhaisnéis chuige.

Airteagal 24i

1. Déanfaidh na Ballstáit an VIES lárnach a thabhairt cothrom le dáta go huathoibríoch lena áirithiú go dtaispeánfar an uimhir aitheantais CBL, dá dtagraítear in Airteagal 214 de Threoir 2006/112/CE, mar neamhbhailí ann sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás inar luaigh daoine a sainathníodh chun críocha CBL go bhfuil deireadh curtha lena ngníomhaíocht eacnamaíoch, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2006/112/CE nó i gcás ina measann an t- údarás inniúil gur chuir siad deireadh leis an ngníomhaíocht sin;
- (b) i gcás inar dhearbhaigh daoine sonraí bréagacha chun aitheantas CBL a fháil agus inar dhiúltódh an riarachán cánach don aitheantas chun críocha CBL nó dhéanfaidh sé an uimhir aitheantais CBL a tharraingt siar dá mbeadh sé sin ar a eolas;
- (c) i gcás nach ndearna daoine athruithe ar a sonraí a chur in iúl agus inar dhiúltódh an riarachán cánach don aitheantas chun críocha CBL nó dhéanfaidh sé an uimhir aitheantais CBL a tharraingt siar dá mbeadh sé sin ar a eolas.

Soláthraítear na cásanna a liostaítear sa mhír seo gan dochar d'aon riail náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le cásanna breise.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), measfaidh an t- údarás inniúil go bhfuil deireadh le gníomhaíocht eacnamaíoch sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

- (a) d'ainneoin go gceanglaítear air déanamh amhlaidh, ní dhearna an duine a sainathnódh chun críocha CBL tuairisceáin CBL a chur isteach ar feadh 1 bhliain amháin tar éis don teorainn ama chun an chéad tuairisceán a cailleadh a chur isteach dul in éag;
- (b) d'ainneoin go gceanglaítear air déanamh amhlaidh, ní dhearna an duine a sainathnódh chun críocha CBL na sonraí maidir leis an soláthar earraí nó seirbhísí laistigh den Chomhphobal a chur isteach ar feadh 6 mhí tar éis don teorainn ama chun na sonraí sin a chur isteach dul in éag.

Soláthraítear na cásanna a liostaítear sa mhír seo gan dochar d'aon riail náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le cásanna breise.

Airteagal 24j

Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an VIES lárnach maidir le faisnéis a gheofar i gcomhréir le hAirteagal 24g(2) den Rialachán seo:

- (a) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus nó (d) den Airteagal seo agus in Airteagal 24g(2) den Rialachán seo a stóráil;
- (b) an fhaisnéis a bhaineann le soláthairtí agus le héadálacha laistigh den Chomhphobal arna mbailiú a chros- seiceáil de bhun Theideal XI, Caibidil 6, Roinn 1 de Threoir 2006/112/CE;
- (c) faisnéis a chomhiomlánú i leith daoine ar tugadh uimhir aitheantais CBL chucu agus ar bailíodh í de bhun Airteagal 213 de Threoir 2006/112/CE agus na mionsonraí seo a leanas a dhéanamh inrochtana do na hoifigigh nó do na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 24k:
 - (i) luach iomlán na soláthairtí earraí uile laistigh den Chomhphobal agus luach iomlán na soláthairtí seirbhísí uile laistigh den Chomhphobal do dhaoine a bhfuil uimhir aitheantais CBL acu arna heisiúint ag Ballstát ó na hoibreoirí uile a aithníodh chun críocha CBL i ngach Ballstát eile;
 - (ii) uimhreacha aitheantais CBL na ndaoine a rinne na soláthairtí earraí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (i);
 - (iii) luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (i) ó gach duine dá dtagraítear i bpointe (ii) do gach duine a bhfuil uimhir aitheantais CBL aige arna heisiúint ag Ballstát;
 - (iv) luach iomlán na soláthairtí earraí agus seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (i) ó gach duine dá dtagraítear i bpointe (ii) do gach duine a bhfuil uimhir aitheantais CBL aige arna heisiúint ag Ballstát eile;
- (d) faisnéis a phróiseáil, in éineacht le haon fhaisnéis a chuirtear in iúl nó a bhailítear de bhun an Rialacháin seo;
- (e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) agus i bpointí (b), (c) agus (d) den Airteagal seo a dhéanamh inrochtana do na hoifigigh nó do na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 24k.

Airteagal 24k

1. Deonóidh gach Ballstát rochtain uathoibrithe ar an VIES lárnach do na daoine seo a leanas:
 - (a) oifigigh atá údaraithe ag údarás inniúil an Bhallstáit sin chun rochtain dhíreach a fháil ar fhaisnéis sa VIES lárnach;
 - (b) Oifigigh idirchaidrimh Eurofisc, dá dtagraítear in Airteagal 36(1), atá i seilbh aitheantas pearsanta úsáideora don VIES lárnach agus i gcás ina mbaineann an rochtain sin le himscrúdú ar chalaois CBL a mheastar a bheith á déanamh nó le calaois CBL a bhrath;
 - (c) oifigigh an Bhallstáit sin a sheiceálann na ceanglais dá ndéantar foráil in Airteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE.
2. Deonóidh gach Ballstát rochtain uathoibrithe ar an VIES lárnach do na daoine seo a leanas:
 - (a) córais leictreonacha náisiúnta de chuid an Bhallstáit sin lena seiceáiltear na ceanglais dá ndéantar foráil in Airteagal 143(2) de Threoir 2006/112/CE;
 - (b) córais leictreonacha náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 24g(2), chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1(1), an dara mír, den Rialachán seo;
 - (c) an lárchóras leictreonach faisnéise íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 24a ('CESOP');
 - (d) na córais leictreonacha lena ndéantar malartú, próiseáil agus anailís thapa ar fhaisnéis spriocdhírithe maidir le calaois trasteorann ó Eurofisc.
3. Sonróidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomh cur chun feidhme:
 - (a) na socruithe praiticiúla chun na hoifigigh agus na córais leictreonacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a shainaithint;
 - (b) na mionsonraí teicniúla a bhaineann le rochtain na n-oifigeach agus na gcóras leictreonach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24j, pointí (a) go (d).

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

Airteagal 24l

1. Is as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a íocfar na costais a bhaineann leis an VIES lárnach a bhunú, a oibriú agus a chothabháil. Áireofar ar na costais sin na costais a bhaineann leis an nasc slán idir an VIES lárnach agus na córais leictreonacha náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 24g(2), agus na cinn a bhaineann leis na seirbhísí is gá chun na cumais a liostaítear in Airteagal 24j a chur i gcrích.
2. Is é gach Ballstát a íocfaidh na costais a bhaineann leis na forbairtí uile is gá ar a chóras leictreonach náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) chun malartú faisnéise a cheadú ach an líonra CCN, nó aon líonra comhchosúil eile a úsáid, agus beidh sé freagrach as na forbairtí sin freisin.

Airteagal 24m

Sonróidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

- (a) na cúraimí a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún maidir leis an VIES lárnach a bhainistiú go teicniúil;
- (b) ról agus freagrachtaí na mBallstát mar rialaitheoirí agus an Choimisiúin mar phróiseálaí faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh i gcás an tsoláthair phoiblí (IO L 133, 6.5.2014, lch. 1).

± Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).’;

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) 904/2010 is infheidhme ón 1 Eanáir 2030

Leasaítear Rialachán (AE) 904/2010 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 17(1), scriostar pointí (a), (b) agus (c);
- (2) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:
 - (a) scriostar mír 2;
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
 - ‘3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis le ceartú sa chóras leictreonach nó le cur leis an gcóras leictreonach de bhun Airteagal 19, ní mór an fhaisnéis a chur isteach tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin tar éis na tréimhse inar bailíodh í.’;
- (3) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
 - ‘3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe praiticiúla a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha dá ndéantar foráil i mír 2a, pointe (d) den Airteagal seo a chinneadh chun é a chur ar a chumas don Bhallstát a sholáthraíonn an fhaisnéis an t-oifigeach idirchaidrimh Eurofisc a mbeidh rochtain aige ar an bhfaisnéis a shainaithint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2).’;

- (c) scriostar míreanna 1a agus 2;
- (4) Scriostar Airteagail 22 agus 23;
- (5) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. Áiritheoidh údaráis inniúla gach Ballstáit go gceadófar do dhaoine a bhfuil baint acu le soláthar earraí nó seirbhísí laistigh den Chomhphobal agus do dhaoine inchánacha neamhbhunaithe a sholáthraíonn seirbhísí deimhniú a fháil trí mhodhanna leictreonacha chun críocha na n- idirbheart sin maidir le bailíocht uimhir aitheantais CBL aon duine sonraithe chomh maith leis an ainm agus an seoladh gaolmhar. Freagróidh an fhaisnéis sin do na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 24g(2).’;

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2025.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Eanáir 2026.

Beidh feidhm ag Airteagal 3 ón 1 Eanáir 2028.

Beidh feidhm ag Airteagal 4 ón 1 Eanáir 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*